An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

# Comhordaitheoirí TBSP Fómhar 2018

## Leabhrán Ionduchtúcháin

# Clár Ábhair


1. Comhthéacs Lch 3
2. Ag Tosú Lch 4
3. Riachtanais Phleanála agus Tuairiscithe Lch 5
4. Ag Obair le Tuismitheoirí Lch 7
5. Tacaíochtaí atá ar fáil do Chomhordaitheoirí TBSP Lch 11
6. Sonraí Teagmhála na Foirne Bainistíochta de chuid na Seirbhísí Leasa Oideachais Tusla Lch 14
7. Príomhtheachtaireachtaí Lch 15
8. Aguisín Lch 16-24

# Fáilte romhat chuig do ról nua mar Chomhordaitheoir TBSP!

Guímid, Foireann Ardbhainistíochta na Seirbhíse Leasa Oideachais (nó *Education Welfare Service*) Tusla, rath, sásamh agus tairbhe ort i do phost agus tú ag cur tús le ré nua i do ghairm bheatha. Tugann gach comhordaitheoir nuacheaptha riar scileanna, taithí agus spéis atá uathúil acu le cur i bhfeidhm sa ról. Cé go bhféadfadh go mbeadh an chéad chúpla seachtain i do phost nua scáfar, cuirfidh tú do mharc féin ar an bpost agus athróidh tú é dá réir sin. Ná bíodh aon eagla ort rud nua a thriail!

*Is treoir é an leabhrán ionduchtúcháin seo a chuireann roinnt comhairle praiticiúla ar fáil, agus tá súil againn go mbainfidh tú leas as.*

## 1. Comhthéacs

### 1.1 DEIS 2017

Is é DEIS (*Delivering Equality of Opportunity in Schools*, nó Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh) an príomhthionscnamh beartais de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil. Tá sé mar aidhm ag DEIS oideachas a úsáid le baic a leagan agus deireadh a chur le míbhuntáiste ó ghlúin go glúin. Foilsíodh an Plean DEIS 2017 i mí Feabhra 2017 agus leagann sé amach polasaí na ROS maidir le haghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil agus is féidir teacht air ag http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/DEIS-Delivering-Equality-of-Opportunity-in-Schools-/

Tá sé bunaithe ar 5 Phríomhchuspóirí:

- Creat measúnaithe níos láidre agus níos freagrúla a chur i bhfeidhm le scoileanna a aithint agus le haghaidh dáileadh níos fearr acmhainní
- Eispéireas foghlama agus torthaí daltaí a fheabhsú i scoileanna DEIS
- Cumas ceannairí scoileanna agus múinteoirí chun acmhainní a phleanáil, a úsáid agus a chur i bhfeidhm a fheabhsú, le go mbainfear an leas is mó is féidir
- An deachleachtas a chothú agus tacú leis i scoileanna trí chomhoibriú idirghníomhaireachta
- Tacú le hobair scoileanna tríd an taighde, an fhaisnéis, an measúnú agus an t-aiseolas a chur ar fáil le cuspóirí an Phlean a bhaint amach

Tá an Scéim Teagmhála Baile Scoile agus an Phobail á maoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

***Is é príomhchúram an chomhordaitheora TBSP oibriú leis an duine fásta/na daoine fásta freagrach(a) i saol an linbh, d'fhonn torthaí oideachais an linbh a fheabhsú. Leagtar béim an róil ar thinreamh, rannpháirtíocht agus coinneáil leanaí i gcóras oideachais na hÉireann a fheabhsú, trí idir thacaíochtaí uilíocha agus thacaíochtaí dírithe a sholáthar.***

### 1.2 Seirbhís Leasa Oideachais TUSLA

Tá oibriúchán na Scéime Teagmhála Baile Scoile agus an Phobail laistigh de chúraimí Seirbhíse Leasa Oideachais (SLO) Tusla. Is iad na trí shnáithe oibre de chuid SLO Tusla ná an Scéim Teagmhála Baile Scoile agus an Phobail (TBSP), an Clár Críochnaithe Scoile (CCS) agus an tseirbhís reachtúil, an tSeirbhís

Leasa Oideachais (SLO). Tá na snáithe tiomanta d'oibriú ar bhealach stuama agus comhtháite le torthaí níos fearr oideachasúla a fháil do leanaí agus daoine óga atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil, chomh maith le tinreamh, rannpháirtíocht agus coinneáil gach dalta a uasmhéadú.

Mar bhall foirne tábhachtach nua den fhoireann SLO, tóg an t-am le haithne a chur ar bhaill foirne eile den snáithe SLO (mura bhfuil aithne agat orthu cheana). Socraigh cruinniú agus comhrá leis an Oifigeach Leasa Oideachais (EWO, nó *Educational Welfare Officer*) agus an fhoireann CCS. Is ann do chleachtais agus struchtúir oibre chun tacú le d'obair cheana féin. Beidh fillteán aistrithe TBSP réitithe ag do réamhtheachtaí duit chomh maith. Tóg an t-am chun é a léamh.

## 2. Ag Tosú

Sa chéad chúpla seachtain, tá seans maith go mbeidh scála, úire agus nádúr solúbtha de do ról nua sa mhullach ort. Ní mór duit cuimhneamh nach meastar go mbeidh tú ábalta gach rud a bhainistiú ar do chéad lá nó fiú amháin i do chéad bhliain!

Tóg an t-am chun tuiscint níos fearr a fháil ar leas oideachais, míbhuntáiste oideachasúil agus do chomhthéacs áitiúil agus pobal, agus chun aithne a chur ar do phríomhpháirtithe agus chun eolas a chur ar phríomhchúraimí an phoist.

| **Leideanna do Dhaoine atá ag Tosú** | |
|---|---|
| **Ag obair mar chuid den SLO Tusla comhtháite** | • Freastail ar bhraisle áitiúil / teaghlaigh TBSP<br>• Déan nasc le TBSP agus CCS áitiúil<br>• Déan teagmháil le EWO áitiúil<br>• Eolas ar fhaisnéis ábhartha atá ar shuíomh gréasáin na ROS a chur ort féin<br>• Foirmeacha atreoraithe ón suíomh gréasáin Tusla a íoslódáil<br>• Na 'Treoirlínte maidir le Spriocliosta TBSP a Shainaithint' a léamh (féach Aguisín)<br>• Eagraigh cruinniú seachtainiúil leis an bpríomhoide/na príomhoidí<br>• Pléigh an spriocliost TBSP leis na baill foirne cuí |
| **Riaracháin** | • Seol do shonraí teagmhála chuig zrobinson@dwec.ie (Oifig TBSP)*<br>• Faigh rochtain ar bhogearraí na scoile (teagmhálaithe & seoltaí na scoile ar fad, tinreamh; poncúlacht)<br>• Rochtain ar ríomhaire/ ríomhaire glúine slán a fháil<br>• Breathnaigh ar an bhfillteán aistrithe TBSP<br>• Cuir fón póca oibre ar bun agus déan cinnte go bhfuil glórphost cuí ar bun agat ionas go mbeidh a fhios ag tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile go bhfuil siad ag fágáil teachtaireacht don duine ceart*<br>• Cuir ríomhphost oibre ar bun (mura bhfuil sé ar bun cheana féin)*<br>**Ná úsáid do sheoladh ríomhphoist pearsanta ná uimhir fón póca pearsanta agus tú i mbun oibre mar chomhordaitheoir TBSP* |
| **Tuismitheoirí** | • Bí le feiceáil i do scoil nó scoileanna chomh minic agus is féidir |

| | |
|---|---|
| | • Caith am i Seomra na dTuismitheoirí<br>• Freastail ar nó eagraigh cruinnithe tuismitheoirí i Meán Fómhair (más cuí)<br>• Cuir cúrsa do thuismitheoirí ar bun, m. sh. Zumba srl.<br>• Roghnaigh togra le bheith i mbun air (m. sh. Maths for Fun srl.)<br>• Cuairteanna baile ar theaghlaigh nua |
| **Pobal na hÁite** | • Déan nasc le grúpaí áitiúla pobail<br>• Tabhair cuairt ar sheirbhísí áitiúil tacaíochta (m. sh. Barnardos, clubanna óige srl.)<br>• Tiomáin/ siúil thart i do phobal nua<br>• Breathnaigh ar eolaire áitiúil pobail (má tá ceann ar fáil) |
| **Aistriú/ Tinreamh** | • Déan cinnte gur thosaigh gach leanbh a d'fhág an scoil nó a d'aistrigh chuig scoil eile ag deireadh Mhí an Mheithimh ina scoileanna nua (i gcomhar le CCS, TBSP eile & SLO)<br>• Glaonna gutháin/ cuairteanna baile i gcás leanaí nár fhill ar an scoil<br>• Déan nasc le EWO agus CCS áitiúil (cásanna oscailte; cruinnithe de na tuismitheoirí srl.) |

## 3. Riachtanais Phleanála agus Tuairiscithe

### 3.1 Riachtanais Phleanála agus Taifeadta SLO Tusla

**Éilíonn SLO Tusla go gcomhlánaíonn gach comhordaitheoir TBSP na nithe seo a leanas:**

- **Plean bliantúil TBSP i leith samhail loighce**
- **Amchlár seachtainiúil TBSP**
- **Foirm Teagmhála Aghaidh ar Aghaidh Tuismitheoirí/ Caomhnóirí**
- **Foirm Tuairisceáin Bhliantúil TBSP (lena cur isteach faoi bhráid ROS ag deireadh na bliana scoile; deireadh mhí na Bealtaine i gcás iarbhunscoileanna & deireadh mhí an Mheithimh i gcás bunscoileanna)**
- **Príomhtháscairí feidhmíochta lena gcur ar ais faoi bhráid Tusla i mí na Nollag**
- **Caiteachas Deontais TBSP (lena chur faoi bhráid na ROS ag deireadh na bliana scoile; deireadh mhí na Bealtaine i gcás iarbhunscoileanna & deireadh mhí an Mheithimh i gcás bunscoileanna)**

Tá teimpléid shamplacha ar fáil san aguisín agus eiseofar cóipeanna boga tríd an oifig TBSP. Is féidir leat tosú úsáid a bhaint as na teimpléid phleanála agus taifeadta atá faoi iamh chun d'obair mar chomhordaitheoir TBSP a phleanáil agus a thaifeadadh. Ná bíodh imní ort mura bhfuil tú eolach ar an gcaoi ar cheart teimpléad taifeadta a úsáid ná ar na riachtanais eile atá leagtha amach thuas. Gheobhaidh tú oiliúint le linn forbairt ghairmiúil leanúnach, ach anois, b'fhiú go mór dul i dtaithí ar na huirlisí.

### 3.2 Príomhoide/Príomhoidí Scoile

**Éilítear ort cóip de do sceideal don tseachtain, chomh maith le do phlean bliantúil TBSP i leith samhail loighce, a chur ar fáil don Phríomhoide**. D'fhéadfaí go n-iarrfadh roinnt príomhoidí ort tuarascáil

mhíosúil ar d'obair a réitigh.

Tá do phríomhoide freagrach as foireann uile na scoile a bhainistiú agus tá sé tábhachtach go dtógfaidh tú an t-am chun do chaidreamh gairmiúil le do Phríomhoide a chothú, go háirithe má tá tú ag obair i níos mó ná scoil amháin agus níor chas tú ar an bPríomhoide roimhe seo. Tá cumarsáid mhaith thar a bheith tábhachtach. Is dócha go mbeidh tú i dteagmháil go neamhfhoirmiúil le do Phríomhoide ar bhonn rialta ach moltar go n-eagraíonn tú cruinniú seachtainiúil. Tugann an cruinniú seo deis daoibh oibriú le chéile chun tosaíochtaí i do scoil a shocrú de réir treoir náisiúnta. Is deis luachmhar é chomh maith d'obair a phleanáil agus aiseolas a chur ar fáil, de réir mar is cuí.

### 3.3 Buiséad do ghníomhaíochtaí TBSP

Tá 10% de bhuiséad DEIS na scoile, ar a laghad, le leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí TBSP. Ba cheart duit pleanáil maidir leis an airgead seo a phlé le do Phríomhoide. Tá scoileanna freagrach d'Aonad um Chuimsiú Sóisialta na ROS as an gcaiteachas seo. **Ba cheart duit taifead cruinn agus fáltais le haghaidh gach earra a cheannaítear ar mhaithe le gníomhaíochtaí TBSP a choinneáil, mar ní mór foirm chomhlánaithe chaiteachais a sheoladh chuig an ROS gach bliain agus beidh siad ag teastáil i gcás iniúchta.** Tá treoir na ROS agus sampla den bhileog chaiteachais TBSP san áireamh leis an aguisín. Tá comhordaitheoirí TBSP i dteideal costais taistil agus cothabhála a fháil, de réir rialacháin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú. Tá na rátaí ar fáil san aguisín chomh maith.

Tá sé riachtanach go bhfuil fón póca agus seoladh ríomhphoist oibre agat - go hiondúil, tugann an scoil iad duit - agus ba cheart duit rochtain a bheith agat ar ríomhaire nó ríomhaire glúine slán. Ná úsáid do sheoladh ríomhphoist pearsanta ná uimhir fón póca pearsanta agus tú i mbun oibre mar chomhordaitheoir TBSP.

### 3.4 Treoirlínte i dtaca leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) i bhfeidhm ar 25 Bealtaine 2018. Tháinig sé in áit an creat um chosaint sonraí a bhí ann faoin Treoir um Chosaint Sonraí de chuid an AE. Tá ról tábhachtach ag gach ball foirne na scoile lena chinntiú gur féidir leis an scoil léiriú go gcomhlíonann sí na dlíthe cosanta sonraí.

Táimid eolach ar an tionchar a d'fhéadfadh bheith ag GDPR ort mar chomhordaitheoir TBSP. Chun tacú leat i do ról, leagann *'Treoirlínte maidir le Cosaint Sonraí do Chomhordaitheoirí TBSP 2018-19'* amach na príomhcheisteanna a bhaineann leis an mbileog teagmhála aghaidh ar aghaidh agus comhlíonadh GDPR.

**Tá údarás gach scoil freagrach as cloí le riachtanais GDPR agus machnamh ar conas is féidir leis an bhfoireann, lena n-áirítear an comhordaitheoir TBSP, príobháideacht a chaomhnú, rialachas eiticiúil faisnéise a chinntiú agus meas a bheith acu ar chearta cosaint sonraí.**

Mar chomhordaitheoir TBSP ní mór duit cloí le gach polasaí agus prótacal scoile agus gach treoir a thugann údarás na scoile a leanúint.

**Moltar do cheannairí aonair scoile dul i dteagmháil leis an bhForas cuí Deoiseach nó Bainistíochta maidir le comhlíonadh GDPR.**

www.dataprotectionschools.ie: Is suíomh gréasáin é seo a chuireann treoir atá sainiúil don earnáil ar fáil chun tacú le scoileanna ó thaobh reachtaíochta cosanta sonraí agus cuireann sé samplaí, polasaithe eiseamláireacha, cóid chleachtais agus naisc úsáideacha le hacmhainní eile ar fáil, lena n-áirítear Forais Dheoiseacha nó Bhainistíochta.
www.gdpr4schools.ie: Is acmhainn idirghníomhach maidir le GDPR do scoileanna é seo a chuireann forléargas ar GDPR ar fáil do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna.

## 4. Ag Obair le Tuismitheoirí

### 4.1 Caidrimh a Chothú

Tá caidreamh ag croílár na hoibre ar fad a dhéanann TBSP. Tá ról ríthábhachtach agat maidir le comhpháirtíochtaí idir teaghlaigh, an scoil agus an pobal a chothú, a fhorbairt agus a chur chun cinn. Tá tábhacht ar leith ag baint le caidrimh a bhunú le pearsanra den dá snáithe eile de do sheirbhís, i.e. CCS agus SLO. Ar dtús, tóg an t-am i do chéad chúpla seachtain chun aithne a chur ar príomhpháirtithe eile, tuismitheoirí/caomhnóirí agus gairmithe, chomh maith le dea-chaidrimh oibre a chothú.

### 4.2 Cúrsaí/ Ranganna do Thuismitheoirí

Is é aidhm na gcúrsaí agus ranganna a chomhordaíonn an scéim TBSP cumhacht a thabhairt do thuismitheoirí. Tugann na cúrsaí agus ranganna sin deiseanna duit caidrimh le tuismitheoirí a bhunú. Tá smaointe maithe sna bileoga dea-chleachtais thíos maidir leis na cineáil cúrsaí a d'fhéadfá reáchtáil, cúrsaí ar aimsigh comhordaitheoirí TBSP gur éirigh go maith leo roimhe seo. **Coinnigh taifead cuí maidir leis an líon tuismitheoirí a fhreastalaíonn ar na cúrsaí ar fad atá á reáchtáil mar chuid den scéim TBSP.**

# HSCL Sharing Good Practice – Parental Involvement at Primary Level

### Literacy Programmes

- Jolly Phonics workshops/ resource bags
- English for Fun
- Reading for Fun/ Reading for Pleasure
- Cuddle Up with a Good Book/ Bedtime Reading Club
- Write to Read
- Pre-writing skills
- Story Bags
- Literacy Lift Off
- Big Book reading
- Lending Library (available in class/ parents' room)
- Toy Library
- Aistear information talk
- Family reading sessions
- Parent and child reading sessions
- Family Learning Classes (ETB)
- Read to Succeed (LMETB)
- NALA
- Helpmykidlearn.ie



### Other Programmes

- Baking for fun
- Arts and Crafts
- Creativity in the class-room
- Parent & child trips
- Curriculum information workshops
- Yoga
- Jewellery making
- Music (instruments, choir etc.)
- Mindfulness
- Parent & Toddler group
- Teddy Bear's picnic
- Homework support
- Lego
- Cyber safety
- Zumba
- Beauty/ makeup mas-terclasses
- STEM for Fun

### Numeracy Programmes

- Maths for Fun
- Maths games library
- Maths pack (cubes, num-bers and games etc.)
- Toy library
- Number Worlds
- Ready Set Go Maths
- Maths Eyes

### Oral Language Programmes

- Happy Talk (HSE SLT)
- CAPER
- Kidstalk
- Chatter Matters
- Clover
- Little Voices
- Share a Story
- Loving Language
- PEEP



### Supporting EAL Parents

- Family Learning Programme
- Art in the Classroom
- English classes
- School information in different languages

### Parenting Support

- Triple P
- Parents Plus
- Incredible Years
- PEEP
- Importance of Play talks

### Other Initiatives

- Monthly tips sent home on how to support their chil-dren's learning at home (tips based on JI curriculum)
- Local library visits
- SLT visit to school

### Supporting Parents with SEN

- Daisychain

### Gaeilge Programmes

- Ranganna Gaeilge
- Ag Sugradh le Cheile
- A Leanbh

*Thank you to all HSCL coordinators who contributed to this sharing of best practice document.*

February 2018


# HSCL Sharing Good Practice – Parental Involvement at Post-Primary level

## Literacy Programmes

- One Book, One Community
- English for Beginners
- Parent Power (literacy/digital support programme and homework programme for parents)
- Parents' Book Club
- Paired Reading (with students and their parents)
- Cookery Class recipes & brochures
- Creative Writing
- Meet the Author session
- Intergenerational Quiz
- Helping your child with Irish
- Library visits
- Book Buddies
- JCSP Initiatives (Word Millionaire, Paired Reading, Peer Reading, Drop everything and Read)

## Numeracy Programmes

- Project Maths for Parents
- Maths Eyes
- Transfer maths classes for 6th class parents (linking primary and post primary curriculum)
- Maths Table Quiz
- Maths for Fun
- Family Budgeting
- Cooking with Numbers – quantities and measurements in recipes
- Maths Bingo
- Maths Trail
- Maths Modular Origami
- How to do your Maths homework YouTube clips



## Initiatives/Courses

- Zumba
- Yoga
- Sewing
- Computer Classes
- Clubs – Walking, Gardening, Book
- Health and Beauty
- Meditation
- Alert
- Operation Transformation
- Potholes
- Bee-keeping
- Couch to 5k
- Grandparents Day
- First Aid
- Positive Parenting
- Be Healthy, Be Happy
- Art classes
- Careers Night
- Crafts - seasonal
- Coffee mornings
- Walking Clubs run by parents
- Mindful Craft
- Women's Cave
- Musical
- Behaviour for Learning
- Cooking with your Child
- Day trips
- Science Buddies
- Mindfulness

## Talks & Workshop Ideas

- Safe Talk
- Mental Health morning
- Internet Safety
- Transfer Programme: My Child, My Vision
- Study Skills
- Resilience
- Stress Management
- Suicide Prevention
- Healthy Eating
- Cyberbullying
- College Preparation
- Office Pro Certificate
- CV Skills & Career Builder
- CAO Evening/Information Lunch
- Drug and Alcohol Awareness
- Friends First
- Parents Plus
- Gardening
- SUSI Grants
- CPR
- EAL
- Parents Forum

## Whole School Approaches

- Food drive
- Parents Association
- Information/Open evenings
- Attendance drive
- Parental surveys
- Award ceremonies
- Open door policy – access to Principal and Deputy Principal
- Refreshments at information/open evenings
- Programmes to improve participation and retention (in collaboration with Care team, NBSS, SCP)
- Restorative Justice practice
- Reward schemes
- Intercultural days
- Facebook page
- Newsletter

*Thank you to all HSCL coordinators who contributed to this sharing of best practice document.*

February 2018

### 4.3 Ag Obair le Spriocteaghlaigh

Cé gur scéim choisctheach den chuid is mó í an scéim TBSP, is acmhainn dhírithe í chomh maith a bhfuil sé mar aidhm aici torthaí oideachasúla a fheabhsú do na daltaí is mó atá i mbaol maidir le drochthinreamh, rannpháirtíocht agus coinneáil. Ba cheart go ndíreofaí an obair ar leith a dhéanann tú le teaghlaigh ar thuismitheoirí/caomhnóirí na ndaltaí atá faoi mhíbhuntáiste, nó ar dócha go mbeidh siad faoi mhíbhuntáiste, ó thaobh oideachais de.

### 4.4 Spriocliosta TBSP

Is é príomhchúram na hoibre a dhéanann comhordaitheoirí TBSP tinreamh, rannpháirtíocht agus coinneáil leanaí/ daoine óga a chur chun cinn. Agus an Spriocliosta TBSP á chur le chéile, is féidir go leor tosca a chur san áireamh. Níor cheart an obair seo a dhéanamh aisti féin, ach ba cheart í a dhéanamh i gcomhar le príomhoide/príomhoidí scoile, an Clár Críochnaithe Scoile, an tSeirbhís Leasa Oideachais nó aon tseirbhís eile ábhartha.

**I measc na leanaí/ teaghlaigh nach mór bheith ar an Spriocliosta TBSP tá:**

- **Aon leanbh a fhaigheann idirghabháil mar chuid den chlár críochnaithe scolaíochta**
- **Aon leanbh a ndéantar atreorú do na Seirbhísí Leasa Oideachais ina leith agus/ nó tá cás oscailte ag na Seirbhísí Leasa Oideachais ina leith**
- **Aon leanbh atá páirteach in Obair Shóisialta de chuid TUSLA agus/ nó atá faoi chúram**

Is féidir leanaí agus teaghlaigh eile a chur san áireamh leis an spriocliosta TBSP. Tá na sonraí ar fad maidir leis an Spriocliosta TBSP a shainaithint agus a bhainistiú leagtha amach sna '*Treoirlínte maidir le Spriocliosta TBSP a Shainaithint*' (féach Aguisín).

Tóg an t-am ag an tús chun aithne a chur ar na tuismitheoirí/caomhnóirí a ndíríonn tú orthu agus chun muinín a chothú. Nuair a cheapann do theaghlaigh faoin scoil, b'fhéidir go mbeadh imní orthu, nó go mbeidís éiginnte nó diúltach maidir leis an scoil. B'fhéidir nár éirigh go maith leo ó thaobh an oideachais de. Ná déan talamh slán d'aon rud; lig do thuismitheoirí/caomhnóirí insint duit faoina dtaithí agus cad is mian leo dá leanaí. Tá naisc thar barr leis an scoil cothaithe ag a lán teaghlaigh cheana féin agus anois caithfidh siad aithne a chur ort agus muinín a chur ionat. Is bealach iontach le teagmháil a dhéanamh le teaghlaigh agus caidrimh a bhunú é maidin chaife nó rang cur in aithne a reáchtáil. Cuimhnigh nach bhfuil roinnt leanaí faoi chúram a dtuismitheoirí fola agus go bhféadfar go mbeidh tú i dteagmháil le caomhnóirí eile cosúil le seantuismitheoirí/ siblíní eile/ tuismitheoirí altrama srl.

### 4.5 An obair a dhéanann tú le teaghlaigh a thaifeadadh

**Tá sé ríthábhachtach go ndéanann tú aon teagmháil shuntasach atá agat leis na teaghlaigh a ndíríonn tú orthu a thaifeadadh, de réir polasaí cosanta sonraí do scoile**. Tá an doiciméad is ceart a úsáid chun teagmháil a thaifeadadh san áireamh leis an aguisín. Seolfar cóip bhog chugat ón oifig TBSP chomh maith.

### 4.6 Cuairteanna Baile

Is cuid lárnach den scéim TBSP é cuairt a thabhairt ar thuismitheoirí ina dtithe féin. Is nasc thú idir an scoil agus baile. Is deis uathúil é cuairt a thabhairt ar theaghlach sa bhaile le tuiscint a fháil ar an teaghlach. De ghnáth, bíonn tuismitheoirí níos compordaí sa bhaile. Éilítear ort do chuairteanna baile a chomhordú i gcomhar leis an bPríomhoide agus ba cheart go mbeadh sé mar aidhm agat thart ar **aon**

**trian de d'am a chaitheamh ar chuairteanna baile**. Is féidir le tuismitheoirí cuairt a thabhairt ort sa scoil nó i seomra na dtuismitheoirí. Ach ba cheart duit cuairteanna baile a dhéanamh chomh maith, áit a bhfaighidh tú tuiscint ar thimpeallacht na dtuismitheoirí.

Nuair a thugann comhordaitheoirí TBSP cuairt ar thithe, bíonn cuspóir soiléir acu ach ní bhíonn pleananna réamhshocraithe acu. Is é cuspóir na cuairte baile i gcónaí **torthaí oideachasúla a fheabhsú** trí chumhacht a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí, ar príomhoideoirí a leanaí iad. Tá sé tábhachtach bheith foighneach agus proifisiúnta agus a thuiscint gur pribhléid é cuireadh chuig teach aon duine a fháil. Tá sé riachtanach muinín leordhóthanach a chothú sula dtéann tú i ngleic le saincheisteanna dúshlánacha a bhfuil tionchar acu ar oideachas an linbh. **Tá sábháilteacht phearsanta fíorthábhachtach. Má cheapann tú go bhfuil baol ar bith ann ba cheart duit cuireadh chuig an scoil a thabhairt don tuismitheoir nó é/í a bhualadh in ionad pobail (m. sh. Ionad Acmhainní Teaghlaigh) ina áit sin.**

## 5. Tacaíochtaí atá ar fáil do Chomhordaitheoirí TBSP

### 5.1 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach Cuir do Phríomhoide/bainistíocht scoile ar an eolas maidir le dátaí imeachtaí forbartha a bhfreastalóidh tú orthu i bhfad roimh ré.

Cuirtear oiliúint ar fáil do gach comhordaitheoir TBSP nuair a thosaíonn siad sa phost, ar aon dul le riachtanais na scéime TBSP agus SLO Tusla, ionas go mbeidh tú ullmhaithe i gceart chun tabhairt faoi do chúraimí agus freagrachtaí ar bhealach éifeachtach, muiníneach agus éifeachtúil. Ar an gcéad dul síos, éilítear ar gach comhordaitheoir TBSP freastal ar gach imeacht FGL a chuireann Tusla ar fáil agus iad ina bpost TBSP. Áirítear leis seo gach lá oiliúna ionduchtúcháin, a bhíonn ar siúl de ghnáth i nDeireadh Fómhair agus Márta den chéad bhliain ina bhfuil tú sa phost. Eagraítear agus reáchtáiltear an oiliúint seo ag an bhFoireann Seirbhísí Comhtháite SLO den tSeirbhís Leasa Oideachais Tusla, le tacaíocht ó chleachtóirí TBSP a bhfuil taithí acu, agus baintear leas as dea-chleachtas agus modheolaíochtaí fianaisebhunaithe. Éilítear ar chomhordaitheoirí TBSP chomh maith freastal ar aon oiliúint chomhtháite, a chuireann Tusla ar fáil, don trí snáithe den tSeirbhís Leasa Oideachais.

Meabhraítear do scoileanna go gcuireann Tusla agus soláthraithe eile cúrsaí oiliúna saor in aisce ar fáil, ar bhonn réigiúnach, do ghairmithe a oibríonn le leanaí agus teaghlaigh. Sula gcláraíonn comhordaitheoirí TBSP ar chúrsaí den chineál sin, ba cheart dóibh an t-ábhar, an ábharthacht agus an t-achar a phlé le Príomhoide na scoile agus an Bainisteoir Seirbhísí Comhtháite SLO cuí. Ar an mbealach sin, socrófar cibé acu an úsáid chuí ama a bheadh san oiliúint agus an gcuirfidh an oiliúint leis an ról.

Má tá costas ag baint le cúrsa oiliúna, d'fhéadfaí go rachadh an comhordaitheoir TBSP agus/ nó Príomhoide scoile i gcomhairle leis an mBainisteoir Seirbhísí Comhtháite SLO cuí chun ábhar, luach agus ábharthacht an chúrsa don ról TBSP a mheasúnú, agus cibé acu an úsáid chuí ama agus acmhainní é an cúrsa. **Ba cheart don chomhordaitheoir iarratas foirmeálta a chur isteach tríd an bhfoirm iarratais ar FGL do chomhordaitheoirí TBSP (féach an t-aguisín).**

Má shíleann comhordaitheoir TBSP go bhfuil oiliúint bhreise ag teastáil uaidh/uaithi ba cheart dó/di dul i dteagmháil leis an mBainisteoir cuí, SLO Tusla agus an Príomhoide, daoine a phléifidh na riachtanais oiliúna a thuilleadh. **Ba cheart gach iarratas ar oiliúint bhreise agus maoiniú le haghaidh oiliúint bhreise a chur isteach i scríbhinn chuig an bPríomhoide lena cheadú ag bord bainistíochta na scoile.** D'fhéadfaí go mbeadh an Príomhoide ag iarraidh dul i dteagmháil leis an bhFoireann Bhainistíochta, SLO Tusla, chun tuilleadh plé a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil an oiliúint atá beartaithe laistigh de chúram TBSP agus an luach ar airgead í. Más mian le comhordaitheoir TBSP FGL a mhaoiniú le deontas TBSP, ní mór foirm iarratais a líonadh amach (féach an tAguisín).

**5.2 Foireann Bhainistíochta SLO Tusla**

Tacaíonn Bainisteoirí Sheirbhís Chomhtháite SLO Tusla le agus tugann siad comhairle do chomhordaitheoirí TBSP agus scoileanna maidir le gach gné den scéim TBSP. Féadfar go gcasfaidh tú le do Bhainisteoir ag cruinnithe cnuasghrúpa nó féadfar go dtabharfaidh sé/sí cuairt ar do scoil. Beidh deis agat bualadh le do Bhainisteoir ag imeachtaí Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (FGL). Tugadh na sonraí teagmhála duit, agus ná bíodh aon drogall ort dul i dteagmháil le do bhainisteoir a thacóidh leat ar gach bealach.

**5.3 Oifig náisiúnta TBSP:**

Tá Zita Robinson, Riarthóir TBSP san oifig náisiúnta, thar a bheith cabhrach agus beidh sí in ann déileáil le d'fhiosruithe nó iad a chur ar aghaidh do dhaoine eile. Déan cinnte go bhfuil sonraí teagmhála cothrom le dáta aici maidir leat agus Príomhoide do scoile, d'fhonn an fhaisnéis chuí ar fad a fháil ón gceannoifig.

**5.4 Cruinnithe cnuasghrúpa áitiúla / teaghlaigh TBSP**

Éilítear ort freastal ar bhraislí teaghlaigh agus áitiúla mar tá siad tábhachtach don obair a dhéanann tú agus is cuid lárnach de do struchtúr tacaíochta iad. Tugtar cúnamh idir phearsanta agus phroifisiúnta do chomhordaitheoirí TBSP ag na cnuasghrúpaí. Roinntear agus scaiptear deachleachtas agus forbraítear freagairtí agus pleananna áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil tríd na cnuasghrúpaí. De réir na Roinne Oideachais agus Scileanna is bealach iad cnuasghrúpaí do 'chomhordaitheoirí TBSP oibriú ar leibhéal idirscoile, áitiúil agus cnuasghrúpa, agus beidh na cnuasghrúpaí ina bhfoirne ina dtacóidh gach taobh lena chéile agus ina gcomhoibreoidh siad lena chéile tríd a scileanna comhlántacha a úsáid chun an leas is fearr is féidir a bhaint amach' (An Roinn Oideachais, 1991).

Is foinse iontach tacaíochta, chomhairle, inspioráide agus spreagtha iad cruinnithe cnuasghrúpa. Buailfidh do cnuasghrúpa teaghlaigh le chéile thart ar gach seachtain/coicís, más cuí. Rachaidh tú i dteagmháil leis na teaghlaigh céanna agus féadfar go ndearfaidh sibh comhidirghabhálacha. Cuimhnigh gur féidir leat neart a dhéanamh ar son do bhraisle agat agus tá do thuairimí, buanna agus láidreachtaí féin agat.

Is grúpa níos mó í an Bhraisle Áitiúil ina nglacann comhordaitheoirí ó cheantar níos leithne páirt, agus buaileann siad le chéile 5-7 n-uaire sa bhliain. Éilíonn SLO Tusla go gcruinníonn an bhraisle áitiúil le chéile le linn na bliana acadúla. Cabhraíonn cruinnithe cnuasghrúpa le comhordaitheoirí acmhainní a roinnt, cúrsaí agus ranganna coiteanna do thuismitheoirí a eagrú agus cláir aistrithe a ullmhú. Tugann na cruinnithe struchtúr duit ionas go mbeidh tú ar an eolas maidir le tionscnaimh áitiúla inar féidir leat oibriú le comhlachtaí deonacha agus reachtúla. Tacaíonn na cruinnithe le soláthar comhtháite seirbhísí do thuismitheoirí agus daltaí i do cheantar ar leith chomh maith. Cuireann cruinnithe cnuasghrúpa áitiúla tacaíocht phroifisiúnta ar fáil do bhaill an chnuasghrúpa. Tá an tacaíocht seo ríthábhachtach mar is post dúshlánach é jab an chomhordaitheora TBSP uaireanta. Bíonn an fhormáid chéanna ag cruinnithe cnuasghrúpa: déantar cathaoirleach ar an gcruinniú ag Comhordaitheoir TBSP, socraítear clár oibre agus scríobhtar miontuairiscí. **Ní mór an cruinniú cnuasghrúpa teaghlaigh agus/ nó áitiúla a chur san áireamh le do phlean seachtainiúil agus ní mór duit freastal orthu.**

### 5.5 Foireann na Scoile

Tá sé tábhachtach nach scarann tú thú féin amach ó do chomhghleacaithe nó na baill foirne eile. Déan cinnte go ndéanann tú d'obair a phleanáil ionas go mbíonn tú sa seomra foirne uaireanta agus ag na bristeacha chun naisc mhaithe a choinneáil le do chomhghleacaithe. Bí oscailte maidir le do ról, ach léirigh aird ar phríobháideacht agus rúndacht na leanaí agus tuismitheoirí/caomhnóirí ag an am céanna. Uaireanta bíonn míthuiscintí ann sa seomra foirne maidir le do ról mar chomhordaitheoir TBSP. D'fhonn míthuiscintí a sheachaint, déan an t-eolas is déanaí a chur ar fáil trí mhír ar chlár cruinnithe foirne.

Féadfar go mbeidh ort caidrimh nua oibre a bhunú le comhghleacaithe, mar shampla an séiplíneach, múinteoirí acmhainne, treoirchomhairleoirí srl. Má oibríonn tú i níos mó ná scoil amháin, déan iarracht aithne a chur ar do chomhghleacaithe. Bíonn struchtúir dhifriúla tréadchúraim ag gach scoil, mar shampla foirne cúraim mic léinn, teagascóirí ranga, cláir mheantóireachta srl. agus beidh ról tábhachtach agat sna struchtúir sin. Beidh ról lárnach agat ar fhoirne pleanála DEIS chomh maith.

### 5.6 Cén áit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

1. Leabhrán eolais do Scoileanna DEIS a ghlacann páirt i TBSP

   https://www.education.ie/

2. 0016/2019: Sannachán Chomhordaitheoirí TBSP laistigh de scoileanna DEIS
   https://www.education.ie

3. Ó Fhís go Deachleachtas
   https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/DEIS-Delivering-Equality-of-Opportunity-in-Schools-/des_hscl.pdf

4. Treoir Tuismitheoirí agus Caomhnóirí maidir le hIarratais Scoile
   http://www.Tusla.ie/uploads/content/parents_and_carers_guide_to_school_applications_final.pdf

5. Foirmeacha atreoraithe SLO Tusla
   http://www.Tusla.ie/services/educational-welfare-services/information-for-schools-inc-absence-reporting/download-reporting-documentation

6. Ráiteas Straitéise faoi Thinreamh Scoile
   https://www.tusla.ie/uploads/content/SAS_Irish.pdf

7. Treoir do Chomhordaitheoirí Teagmhála Baile Scoile agus an Phobail & Cláir Críochnaithe Scolaíochta a Phléann le Leanaí & Teaghlaigh atá gan Dídean
   http://www.Tusla.ie/uploads/content/SLO_Homelessness_Guide.pdf

8. Bileog Tinrimh do Theaghlaigh atá gan Dídean
   http://www.Tusla.ie/uploads/content/SLO_Homeless_Leaflet_(2).pdf

9. www.Tusla.ie

10. Seimineár maidir le Foghlaim ó DEIS
http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/DEIS-Delivering-Equality-of- 5.6 Opportunity-in-Schools-/DEIS-Supporting-Information/Learning-from-DEIS-Seminar.html

## 6. Sonraí Teagmhála don Fhoireann Bhainistíochta SLO Tusla

| Bainisteoir SLO | Réigiún | Ríomhsheoladh | Uimhir Fóin Phóca |
|---|---|---|---|
| **Maria Tobin** Tusla, SLO, Bainisteoir Náisiúnta Comhtháite | **Náisiúnta** | maria.tobin@tusla.ie | 086 4119336 |
| **David Dineen** Tusla, SLO, Bainisteoir Seirbhísí Comhtháite | **An tIarthar Láir & Lár na Tíre** | david.dineen@tusla.ie | 087 6899521 |
| **Danielle Flynn** Tusla, SLO, Bainisteoir Seirbhísí Comhtháite | **An tIarthar** | danielle.flynn@tusla.ie | 087 9188605 |
| **Irene Keogh** Tusla, SLO, Bainisteoir Seirbhísí Comhtháite | **Baile Átha Cliath Theas & Laighean Láir** | irene.keogh@tusla.ie | 087 0661488 |
| **Anne-Marie McGovern** Tusla, SLO, Bainisteoir Seirbhísí Comhtháite | **Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh** | annemarie.mcgovern@tusla.ie | 087 9581991 |
| **Con Moynihan** Tusla, SLO, Bainisteoir Seirbhísí Comhtháite | **Theas** | con.moynihan@tusla.ie | 087 9085629 |

**Riarachán Oifige**

Zita Robinson: 01 4528002 Ríomhphoist: zrobinson@dwec.ie

## 7. Príomhtheachtaireachtaí

*Is é príomhchúram an chomhordaitheora TBSP oibriú leis an duine fásta/na daoine fásta freagrach(a) i saol an linbh, d'fhonn torthaí oideachais an linbh a fheabhsú. Leagtar béim an róil ar thinreamh, rannpháirtíocht agus coinneáil leanaí i gcóras oideachais na hÉireann a fheabhsú, trí idir thacaíochtaí uilíocha agus thacaíochtaí dírithe a sholáthar.*

- Éilíonn SLO Tusla go gcomhlánaíonn gach comhordaitheoir TBSP na nithe seo a leanas:
    - Plean bliantúil TBSP i leith samhail loighce
    - Amchlár seachtainiúil TBSP
    - Foirm Teagmhála Aghaidh ar Aghaidh Tuismitheoirí/ Caomhnóirí
    - Foirm Tuairisceáin Bhliantúil TBSP (lena cur isteach faoi bhráid ROS ag deireadh na bliana scoile; deireadh mhí na Bealtaine i gcás iarbhunscoileanna & deireadh mhí an Mheithimh i gcás bunscoileanna)
    - Caiteachas Deontais TBSP (lena chur faoi bhráid na ROS ag deireadh na bliana scoile; deireadh mhí na Bealtaine i gcás iarbhunscoileanna & deireadh mhí an Mheithimh i gcás bunscoileanna)

- Cóip de do sceideal don tseachtain, chomh maith le do phlean bliantúil TBSP i leith samhail loighce, a chur ar fáil don Phríomhoide.
- Taifead cruinn agus fáltais le haghaidh gach earra a cheannaítear ar mhaithe le gníomhaíochtaí TBSP a choinneáil, mar ní mór foirm chomhlánaithe chaiteachais a sheoladh chuig an ROS gach bliain.
- Spriocliosta TBSP a choimeád agus a nuashonrú.
- Taifead cuí maidir leis an líon tuismitheoirí a fhreastalaíonn ar na cúrsaí ar fad atá á reáchtáil mar chuid den scéim TBSP a choinneáil.
- Aon teagmháil shuntasach atá agat leis na teaghlaigh a ndíríonn tú orthu a thaifeadadh, de réir polasaí cosanta sonraí do scoile.
- Do chuairteanna baile a chomhordú i gcomhar leis an bPríomhoide agus ba cheart go mbeadh sé mar aidhm agat thart ar aon trian de d'am a chaitheamh ar chuairteanna baile
- Do chruinniú cnuasghrúpa teaghlaigh agus/ nó áitiúla a chur san áireamh le do phlean seachtainiúil. Tá sé riachtanach go bhfreastalaíonn tú ar chruinnithe cnuasghrúpa.

# AGUISÍN

**Aguisín 1:** **Treoirlínte maidir le Spriocliosta TBSP a Shainaithint**

**Aguisín 2:** **Teimpléad den Taifead ar Theagmháil Aghaidh ar Aghaidh Tuismitheoirí/ Caomhnóirí**

**Aguisín 3:** **Teimpléad le haghaidh Pleanáil Sheachtainiúil TBSP**

**Aguisín 4:** **Treoirlínte ROS maidir leis an Deontas TBSP 2017/18 a úsáid**

**Aguisín 5:** **RÁTAÍ TAISTIL Mótair Ciorclán 05/2017 An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú**

**Aguisín 6:** **Foirm FGL**

## Aguisín 1: Treoirlínte maidir le Spriocliosta TBSP a Shainaithint

### Comhthéacs

De réir an Achta Oideachais (1998:32 [9]) ciallaíonn míbhuntáiste oideachasúil
*'na baic ar an oideachas de dhroim míbhuntáiste shóisialta nó eacnamaíoch a choisceann mic léinn ar thairbhe chuí a bhaint as an oideachas i scoileanna'.*

Is cuid de DEIS é an scéim theagmhála baile, scoile agus an phobail (TBSP). Díríonn DEIS ar phobail a bhfuil baol ann go mbeadh míbhuntáiste agus eisiamh sóisialta iontu agus ina bhfuil míbhuntáiste le feiceáil ó ghlúin go glúin (DEIS 2017). Is é cuspóir uileghabhálach TBSP torthaí oideachasúla do leanaí a ndírítear orthu a fheabhsú, trí chúnamh a thabhairt don duine fásta suntasach nó na daoine fásta suntasacha i saol an linbh. Ba cheart go mbeadh an obair a dhéanann TBSP coisctheach den chuid is mó seachas íceach. Is é ceann de na prionsabail atá taobh thiar den scéim ná riachtanais a aithint chun eolas a thabhairt do na gníomhaíochtaí sa scéim (Ó Fhís go Dea-Chleachtas)

### Riachtanais Teaghlach a Shainaithint

Is é príomhchúram na hoibre a dhéanann comhordaitheoirí TBSP tinreamh, rannpháirtíocht agus coinneáil leanaí/ daoine óga a chur chun cinn. Agus an Spriocliosta TBSP á chur le chéile, is féidir go leor tosca a chur san áireamh. Níor cheart an obair seo a dhéanamh aisti féin, ach ba cheart í a dhéanamh i gcomhar le príomhoide/príomhoidí scoile, an Clár Críochnaithe Scoile,an tSeirbhís Leasa Oideachais nó aon tseirbhís eile ábhartha.
Ní féidir teaghlaigh a chur san áireamh san spriocliosta TBSP más ann do cheann amháin nó níos mó de na tosca seo a leanas **AGUS** tá na tosca sin ag cur isteach ar thinreamh, rannpháirtíocht agus coinneáil a leanaí. Tá sé tábhachtach i gcónaí breithiúnas gairmiúil a úsáid. Ba cheart an liosta a athbhreithniú go rialta le linn na bliana scoile i gcomhar le gach gairmí cuí. Ba cheart go mbeadh an liosta aireach ar ualach oibre an chomhordaitheora TBSP agus go mbeadh méid an spriocliosta TBSP soláimhsithe agus réalaíoch. Ba cheart go ndéanfadh teagmháil le teaghlaigh ar an spriocliosta a thaifeadadh ar an taifead teagmhála de chuid TBSP.
Féadfar go mbeidh gá le gearr-idirghabháil ón gcomhordaitheoir TBSP chun tacaíocht a thabhairt do theaghlach nach mbeadh ar an Spriocliosta TBSP de ghnáth, mar shampla i gcás teagmhas criticiúil. Sna cásanna sin, tugtar eolas d'idirghabháil TBSP ag na polasaithe cuí scoile (m. sh. Polasaí Teagmhais Chriticiúil) agus déantar i gcomhar leis an bpríomhoide scoile/na príomhoidí scoile, an Clár Críochnaithe Scoile, na Seirbhísí Leasa Oideachais nó aon tseirbhís eile ábhartha, iad.

### Teaghlaigh nach mór bheith ar an Spriocliosta TBSP

- Aon leanbh a fhaigheann idirghabháil mar chuid den chlár críochnaithe scolaíochta
- Aon leanbh a ndéantar atreorú do na Seirbhísí Leasa Oideachais ina leith agus/ nó tá cás oscailte ag na Seirbhísí Leasa Oideachais ina leith
- Aon leanbh atá páirteach in Obair Shóisialta de chuid TUSLA agus/ nó atá faoi chúram

### Tosca Riosca Eile le cur san áireamh

- Teaghlaigh a bhfuil fadhbanna eacnamaíocha acu
- Teaghlaigh atá scoite amach ó dhaoine agus teaghlaigh eile
- Teaghlaigh gan dídean/ atá i mbaol bheith gan dídean

- Teaghlaigh as mionlach eitneach
- Teaghlaigh ina bhfuil foréigean baile
- Teaghlaigh a bhfuil Béarla acu mar theanga iasachta
- Teaghlaigh aontuismitheora
- Teaghlaigh inar fhág daoine eile an scoil go luath
- Leanaí a rinne bliain scoile arís
- Teaghlaigh a bpléann níos mó ná gníomhaireacht sheachtrach amháin
- Teaghlaigh le fadhbanna mí-úsáide substaintí
- Leanaí a bhfuil fadhbanna tinrimh/ poncúlachta acu
- Teaghlaigh le hábhar imní mheabhairshláinte
- Leanaí ar féidir gur cúramóir óg iad
- Teaghlaigh a bhfuil fadhbanna acu le trasdul
- Ábhair imní leasa leanaí
- Leanaí le riachtanais speisialta oideachais
- Teaghlaigh atá ag déileáil le himthosca eisceachtúla (m. sh. eachtra thrámach)
- Teaghlaigh a bhfuil fadhb ar leith acu (m. sh. bás)
- Leanaí a léiríonn iompraíocht dhúshlánach sa bhaile agus/ nó ag an scoil
- Teaghlaigh nach bhfuil an scoil ábalta dul i dteagmháil leo/ atá scoite amach ón scoil

Sampla ***Taifead ar Theagmháil Aghaidh ar Aghaidh Tuismitheoirí/ Caomhnóirí***

Scoil:

Ainm an Chomhordaitheora:

Líon taifead: -

| | | Tuig Tuig | Tuig | Tuig | Pleanáil | Déan | Athbhreithnigh | | Athbhreithnigh | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líne | Dáta | Ainm an Tuismitheora/Caomhnóra | Ainm an Linbh | Seoladh Nádúr Teagmhála | Cuspóir le Teagmháil leis an Tuismitheoir | Tasc | Toradh na Teagmhála le Tuismitheoir | Toradh don Leanbh | Beart leantach / Athbhreithniú | Nótaí tráchta | Bl. Mí | Eile |
| 1 | | | | | | | | | | | - | |
| 2 | | | | | | | | | | | - | |
| 3 | | | | | | | | | | | - | |
| 4 | | | | | | | | | | | - | |
| 5 | | | | | | | | | | | - | |
| 6 | | | | | | | | | | | - | |
| 7 | | | | | | | | | | | - | |
| 8 | | | | | | | | | | | - | |
| 9 | | | | | | | | | | | - | |
| 10 | | | | | | | | | | | - | |
| 11 | | | | | | | | | | | - | |
| 12 | | | | | | | | | | | - | |
| 13 | | | | | | | | | | | - | |
| 14 | | | | | | | | | | | - | |
| 15 | | | | | | | | | | | - | |
| 16 | | | | | | | | | | | - | |
| 17 | | | | | | | | | | | - | |
| 18 | | | | | | | | | | | - | |
| 19 | | | | | | | | | | | - | |
| 20 | | | | | | | | | | | - | |
| 21 | | | | | | | | | | | - | |
| 22 | | | | | | | | | | | - | |
| 23 | | | | | | | | | | | - | |
| 24 | | | | | | | | | | | - | |
| 25 | | | | | | | | | | | - | |
| 26 | | | | | | | | | | | - | |
| 27 | | | | | | | | | | | - | |
| 28 | | | | | | | | | | | - | |

# Teimpléad le haghaidh Pleanáil Sheachtainiúil TBSP

1. **Pleanáil, Monatóireacht, Measúnú**
2. **Cuairteanna Baile**
3. **Tuismitheoirí atá Páirteach i Litearthacht/Uimhearthacht/Eolaíocht Oideachasúil/Tuismitheoirí ag tacú le Tuismitheoirí**
4. **Coiste Oideachais Áitiúil**
5. **Forbairt Foirne**
6. **Cruinniú le Príomhoide**
7. **Cúrsaí agus Ranganna-Tuismitheoirí**
8. **Ceapadh Polasaí**
9. **Tuismitheoirí a Thraenáil mar Chuairteoirí Baile**
10. **Comhtháthú le gníomhaireachtaí eile**
11. **Cruinnithe cnuasghrúpa**
12. **FGL**

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine |
|---|---|---|---|---|---|
| **09.00-10.00** | | | | | |
| **10.00-11.00** | | | | | |
| **11.00-12.30** | | | | | |
| **13.00-14.30** | | | | | |

**Ainm:** **Scoil:**

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

## Treoirlínte maidir leis an Deontas Teagmhála Baile Scoile agus an Phobail (TBSP) a úsáid

Dáiltear an chuid sin de dheontas bliantúil DEIS a bhaineann le Teagmháil Baile, Scoile agus an Phobail (TBSP) le tacaíochtaí spriocdhírithe a sholáthar, trí chomhoibriú agus comhpháirtíocht a fhorbairt idir tuismitheoirí agus múinteoirí páistí atá i mbaol míbhuntáistí oideachasúla agus a bhfuil an baol ann go bhfágfaidh siad an scoil go luath.

Ní mór **10%** ar a laghad de Dheontas bliantúil DEIS a thugtar do gach scoil a chur ar fáil don Chomhordaitheoir TBSP le caitheamh ar ghníomhaíochtaí TBSP. Mura leor 10% de Dheontas DEIS, is faoin scoil féin atá sé a shocrú cén sciar oiriúnach de Dheontas DEIS ba chóir a chur ar fáil le seirbhís TBSP a reáchtáil.

**Ar na príomhchuspóirí a bhaineann le TBSP tá cúrsaí agus gníomhaíochtaí le ról an tuismitheora mar an bpríomhoideachasóir a fhorbairt.** Ina measc na gcúrsaí agus na ngníomhaíochtaí sin tá gníomhaíochtaí fóillíochta, forbairt phearsanta agus scileanna tuismitheoireachta, breisoideachas, agus tacaíocht d'fhoghlaim na bpáistí. Caithfidh scoileanna cloí le treoirlínte soláthair phoiblí ar luach ar airgead agus smaoineamh ar luach ar airgead a fháil, agus trealamh suntasach, amhail ríomhairí glúine agus/nó printéirí, á gceannach acu. Ba cheart do scoileanna oibriú le struchtúir áitiúla tacaíochta pobail le haghaidh soláthar seirbhíse chun acmhainní agus saineolas a uasmhéadú, agus chun a chinntiú nach ndéantar an soláthar faoi dhó. Ní mór monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas TBSP agus é a stiúradh go cuí agus go comhréireach; ba chóir an caiteachas a bhunú ar bhaint amach na dtorthaí atá luaite i bPlean Gníomhaíochta DEIS na scoile.

Is féidir an Deontas TBSP a úsáid le haghaidh na gcuspóirí seo a leanas:

- Chun seomra tuismitheoirí a bhunú agus a chothabháil; tá caiteachas caipitiúil as an áireamh
- Chun tacú le leasú an churaclaim agus modheolaíochtaí teagaisc le freastal ar riachtanais spriocdhírithe na bpáistí
- Le hacmhainní oiriúnacha/faofa a cheannach faoi choinne gníomhaíochtaí TBSP, de réir Phlean Gníomhaíochta DEIS na scoile
- Le speansais oiriúnacha taistil a íoc leis an gComhordaitheoir, speansais a bhaineann leis na dualgais chuí a chomhlíonadh (cuairteanna baile, freastal ar chruinnithe cnuasaigh, Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)). Tá FGL náisiúnta do Chomhordaitheoirí maoinithe go lárnach ag na Seirbhísí Leasa Oideachais, ag Tusla, agus ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ). Clúdaíonn scoileanna cuid de na costais FGL trí speansais taistil a íoc ó dheontas DEIS na scoile *(féach Ciorclán 05/2017 na Roinne Airgeadais maidir leis na rátaí cuí).* Ní cheadaítear éilimh a bhaineann le bia.

Má tá tuilleadh treorach de dhíth maidir le caiteachas TBSP, ba chóir dul i gcomhairle leis an mBainisteoir Sinsearach cuí in Tusla.

De réir Alt 18 den Acht Oideachais, 1998, iarrann an Roinn go leanfaidh scoileanna ar aghaidh de choinneáil taifid de na gníomhaíochtaí ar fad a dhéantar agus de na hábhair agus de na hacmhainní uile a cheannaítear leis na deontais; ní áirítear anseo scoileanna na mBord Oideachais agus Oiliúna a mbaineann socruithe eile cuntasaíochta leo. Ba chóir cuntas a choinneáil sa scoil den ioncam agus den chaiteachas agus é a chur ar fáil, más gá, d'oifigigh na Roinne Oideachais agus Scileanna agus/nó d'oifigigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

De réir Alt 51 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013, iarrann an Roinn go gcoinneofar cuntais ioncaim agus chaiteachais na mBord Oideachais agus Oiliúna agus go gcuirfear ar fáil iad ó am go chéile d'oifigigh na Roinne Oideachais agus Scileanna.

An tAonad um Chuimsiú Sóisialta
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Meán Fómhair, 2017

# RÁTAÍ TAISTIL Mótair Ciorclán 05/2017 An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú (Aguisín 1)

## (Baineann na rátaí seo le cuairteanna scoile, cuairteanna baile, cruinnithe srl.)

**Appendix 1**

**Motor Travel Rates 2017**

**Effective from 1st April 2017**

**Motor Travel Rates per kilometre**

| Distance Bands | | Engine Capacity up to 1200cc | Engine Capacity 1201cc to 1500cc | Engine Capacity 1501cc and over |
|---|---|---|---|---|
| Band 1 | 0 – 1,500 km | 37.95 cent | 39.86 cent | 44.79 cent |
| Band 2 | 1,501 – 5,500 km | 70.00 cent | 73.21 cent | 83.53 cent |
| Band 3 | 5,501 – 25,000 km | 27.55 cent | 29.03 cent | 32.21 cent |
| Band 4 | 25,001 km and over | 21.36 cent | 22.23 cent | 25.85 cent |

**Reduced Motor Travel Rates per kilometre**

| Engine Capacity up to 1200cc | Engine Capacity 1201cc to 1500cc | Engine Capacity 1501cc and over |
|---|---|---|
| 16.59 cent | 17.63 cent | 18.97 cent |

Rátaí Taistil do FGL

***De réir na Tuarascála Comhaontaithe Uimh. 333/00, an costas táille bus nó traenach nó 16.92 cent sa chiliméadar nó an ráta mótair de 27.22 cent sa mhíle, mura bhfuil iompar poiblí nach bhfuil chomh costasach ar fáil. Ní íocfar rátaí taistil mótair le héilitheoirí a thaistilíonn níos lú ná 10 míle/14 ciliméadar (turas singil) go dtí an cúrsa. Níor cheart carranna príobháideacha a úsáid ach mura bhfuil iompar poiblí oiriúnach ar fáil nó má tá iompar poiblí ar fáil ar an bpraghas céanna nó ar phraghas níos airde.***

TÚSLA
An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

# Foirm Iarratais
# Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do Chomhordaitheoirí Teagmhála Baile Scoile agus an Phobail (TBSP)

## PÁIRT I - Le comhlíonadh ag Comhordaitheoir TBSP

| | |
|---|---|
| Ainm: | |
| Cáilíochtaí Reatha | |
| Ábhair a rinneadh roimhe seo agus na leibhéil ag a ndearnadh iad | |
| Sannachán TBSP | ó go |
| | |
| Teideal an Chúrsa: | |
| Teideal an tSoláthraí Cúrsa: | |
| Sonraí achoimre faoin gcúrsa oiliúna: | |
| Teastas atá ar fáil nuair a chuirtear an cúrsa oiliúna i gcrích, má tá aon cheann: | |
| Fad an chúrsa oiliúna: | |
| Dátaí an chúrsa oiliúna: | |
| Táille an chúrsa oiliúna: | |
| Luaigh an fáth a gceapann tú go bhfuil an cúrsa oiliúna áirithe seo ag teastáil uait i do ról mar Chomhordaitheoir TBSP? | |
| Mínigh ábharthacht an chúrsa oiliúna seo don Scéim TBSP: | |
| Sonraí, dátaí san áireamh, faoi aon oiliúint bhreise phroifisiúnta a rinneadh le cúig bliana anuas: | |
| Má iarradh ar fhoinsí eile maoiniúcháin don | |

| | |
|---|---|
| **chúrsa oiliúna seo, cuir na sonraí ar fáil:** | |

**Síniú an Chomhordaitheoirí TBSP: ______________________________**
**Dáta: ___________________________ Uimhir Theagmhála: ______________________**
***Nuair a fhaightear cead ón mBainisteoir cuí Seirbhísí Comhtháite SLO, ba cheart an t-iarratas comhlánaithe a sheoladh ar aghaidh chuig an bPríomhoide/Bord Bainistíochta na Scoile roimh thús an chúrsa oiliúna agus ba cheart don Phríomhoide agus Comhordaitheoir Teagmhála Baile Scoile agus an Phobail araon cóip a choinneáil.***

## PÁIRT II - CEAD LE FREASTAL AR CHÚRSA OILIÚNA:

**Síniú Phríomhoide na Scoile: _____________________________**
**Dáta Faofa: _____________________________**